Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7781/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0106(NLE)**

**ECOFIN 296**
**UEM 49**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 163 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra na mBallstát óstach ar mhaithe leis na daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 163 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 163 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.4.2022
COM(2022) 163 final

2022/0106 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra na mBallstát óstach ar mhaithe leis na daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Mar fhreagairt ar thús ionradh míleata na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi a eisíodh an lá céanna, cháin sí sna téarmaí ba láidre ab fhéidir ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise (dá ngáirtear an Rúis feasta) ar an Úcráin, ionsaí atá gan ábhar gan údar, agus leag sí béim ar an sárú tromchúiseach atá déanta ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, sin agus an riosca do shlándáil agus cobhsaíocht na hEorpa agus an domhain mhóir.

Léirigh an tAontas a thacaíocht dhaingean, agus leanfaidh sé dá thacaíocht dhaingean a léiriú don Úcráin agus dá saoránaigh, agus iad ag déileáil le fogha ón Rúis nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Tá an togra seo mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an mbrú a bhaineann leis an teitheadh daoine mar thoradh ar ionradh míleata na Rúise ar an Úcráin.

Tháinig breis agus 4 mhilliún duine isteach san Aontas laistigh de roinnt seachtainí ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin. Ní fhacthas a leithéid riamh roimhe seo ó thaobh scála agus luas an teachta isteach. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon sin.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382[1] ón gComhairle bunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe isteach san Aontas a raibh orthu an Úcráin a fhágáil mar thoradh ar choinbhleacht armtha, agus tugadh cosaint shealadach isteach do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

Tá riachtanais leachtachta phráinneacha, chun costais fhíor-riachtanacha a chumhdach, ag daoine easáitithe atá faoi chosaint shealadach nó faoi chosaint leormhaith faoin dlí náisiúnta, i gcomhréir le Treoir 2001/55/CE[2] agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle. Bhí nótaí bainc hryvnia ag go leor acu ar theacht isteach dóibh, ach bíonn fadhbanna móra acu nótaí den sórt sin a chomhshó in airgeadra an Bhallstáit óstaigh. Chuir Banc Náisiúnta na hÚcráine ar fionraí an malartú nótaí bainc hryvnia in airgead tirim eachtrach chun cúlchistí malairte eachtraí na hÚcráine atá teoranta a chosaint. An éiginnteacht mhillteanach a bhaineann leis an ráta malairte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir airgeadra an Bhallstáit óstaigh agus hryvnia, is é sin is cúis *de facto* leis an mbac ar institiúidí creidmheasa glacadh le malartú nótaí bainc hryvnia, fiú ar lascaine.

Tá iarrachtaí nach beag déanta ag na Ballstáit chun cúnamh daonnúil a chur ar bun dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón Úcráin. Bhreathnaigh roinnt Ballstát ar na hiarrachtaí sin a chomhlánú trí thionscnaimh chun malartú nótaí bainc hryvnia in airgeadra na mBallstát óstach a éascú chun tacú le daoine easáitithe ón Úcráin a gcuid riachtanas a chomhlíonadh, go háirithe agus iad ag taisteal ar fud an Aontais.

Is é is cuspóir don togra seo cur chuige comhordaithe a chur chun cinn maidir le scéimeanna náisiúnta féideartha d'fhonn na coinníollacha céanna a thairiscint do dhaoine easáitithe ón

---

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2013, lch. 1).

[2] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

Úcráin a gcuid nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra áitiúil go neamhspleách ar an mBallstát a dhéanann óstáil orthu

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo i lán-chomhsheasmhacht le *acquis* tearmainn an Aontais, go háirithe le Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 an 4 Márta 2022 ón gComhairle lena mbunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin, tá sé i lán-chomhsheasmhacht le cuspóir an Aontais maidir limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú dóibh siúd, nach bhfuil an dara rogha acu, a fhéachann go dlisteanach le cosaint a fháil san Aontas.

Tá eilimintí an togra comhsheasmhach freisin leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann i mí Mheán Fómhair 2020 agus na tograí reachtacha a ghabhann leis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, amhail smachtbhannaí an Aontais agus bearta sriantacha eile. Tá an togra seo mar chuid de thacar cuimsitheach gníomhaíochtaí mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 292 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 78(1) agus (2), (c) CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 78(1) CFAE, déanfaidh an tAontas comhbheartas a fhorbairt maidir le tearmann, cosaint choimhdeach agus cosaint shealadach d'fhonn stádas iomchuí a thairiscint do náisiúnach aon tríú tír a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uaidh agus chun comhlíonadh phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú. Ní mór an beartas sin a bheith i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus le Prótacal an 31 Eanáir 1967 maidir le stádas dídeanaithe, agus i gcomhréir le conarthaí ábhartha eile. Faoi Airteagal 78(2)(c) CFAE, chun críocha mhír 1, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta le haghaidh comhchóras Eorpach tearmainn lena gcuimsítear comhchóras cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe i gcás insreabhadh ollmhór.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra atá ann faoi láthair i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) CAE. Leis an togra, cuirtear cur chuige comhordaithe chun cinn maidir le gach Ballstát d'fhonn caitheamh leis na daoine easáitithe ón Úcráin ar an gcaoi chéanna maidir lena gcuid nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra áitiúil, go neamhspleách ar an mBallstát a dhéanann óstáil orthu, chun cothrom na Féinne a bhunú maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa agus chun iompar amhantrach a bheidh ann amach anseo ar an margadh a sheachaint.

- **Comhréireacht**

Tá an togra atá ann faoi láthair i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE. Ní théann ábhar ná foirm an Mholta seo atá beartaithe thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Is gealltanais dheonacha iad na gealltanais a dhéanfadh na Ballstáit agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát i gcónaí a chinneadh ar mhaith leo scéimeanna náisiúnta féideartha den sórt sin a chur i bhfeidhm.

- **An rogha ionstraime**

Is ionstraim iomchuí laistigh den réimse sin é moladh ón gComhairle. Cuireann sé le corpas dhlí an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus tá sé i gcomhréir leis na cineálacha ionstraimí atá ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse an chomhchórais Eorpaigh tearmainn. Leagtar síos leis bearta atá le breithniú ag na Ballstáit ach cuirtear treoir sholúbtha ar fáil do na Ballstáit maidir le rogha agus dearadh na mbeart.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus bailiú agus úsáid an tsaineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Tugtar moltaí sa togra maidir le scéimeanna náisiúnta a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le malartú nótaí bainc hryvnia ag daoine easáitithe in airgeadra an Bhallstáit ina bhfuil na daoine sin á n-óstáil, daoine a raibh orthu an Úcráin a fhágáil mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, Mar sin féin, ós rud é go gcuirtear treoir sholúbtha ar fáil do na Ballstáit maidir le rogha agus dearadh na mbeart, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 maidir le stádas dídeanaithe, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leis an togra seo le haghaidh Molta, ní éilítear acmhainní ó bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Léiríonn § 1 cuspóir agus raon feidhme an Mholta seo.

Is é is aidhm don Mholadh seo éascú a dhéanamh ar an malartú nótaí bainc hryvnia ag daoine easáitithe atá faoi chosaint shealadach nó faoi chosaint leormhaith faoin dlí náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle, in airgeadra áitiúil an Bhallstáit ina bhfuil na daoine á n-óstáil.

In § 2, moltar do na Ballstáit scéimeanna náisiúnta a bhunú chun comhshó nótaí bainc hryvnia in airgeadra náisiúnta a éascú. Ba cheart foráil a dhéanamh leis na scéimeanna maidir le huasteorainneacha 10 000 hryvnia in aghaidh an duine, gan mhuirear, de réir an ráta malairte oifigiúil arna fhoilsiú ag Banc Náisiúnta na hÚcráine. Ba cheart fad na scéimeanna a bheith 3 mhí ar a laghad.

In § 3 moltar do na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as líonra institiúidí creidmheasa rannpháirteacha chun an scéim a chur chun feidhme, agus comhaontú a dhéanamh leis na hinstitiúidí creidmheasa rannpháirteacha maidir le conas céannacht gach duine easáitithe a bhaineann úsáid as an scéim a thaifeadadh agus a sheiceáil.

In § 4 moltar do na Ballstáit comhaontú a dhéanamh le Banc Náisiúnta na hÚcráine maidir leis na módúlachtaí chun nótaí bainc hryvnia a mhalartú amach anseo.

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra na mBallstát óstach ar mhaithe leis na daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292, i gcomhar le hAirteagal 78(1) agus (2), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig breis agus 4 mhilliún duine isteach san Aontas Eorpach laistigh de roinnt seachtainí ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin. Ní fhacthas a leithéid riamh roimhe seo ó thaobh scála agus luas an teachta isteach.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[1], bunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe isteach san Aontas a raibh orthu an Úcráin a fhágáil mar thoradh ar choinbhleacht armtha, agus tugadh cosaint shealadach isteach do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

(3) Tá riachtanais leachtachta phráinneacha, chun costais fhíor-riachtanacha a chumhdach, ag daoine easáitithe atá faoi chosaint shealadach nó faoi chosaint leormhaith faoin dlí náisiúnta, i gcomhréir le Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[2] agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle. Bhí nótaí bainc hryvnia ag go leor acu ar theacht isteach dóibh, ach bíonn fadhbanna móra acu nótaí den sórt sin a chomhshó in airgeadra an Bhallstáit óstaigh.

(4) Chuir Banc Náisiúnta na hÚcráine ar fionraí an malartú nótaí bainc hryvnia in airgead tirim eachtrach chun cúlchistí malairte eachtraí na hÚcráine atá teoranta a chosaint.

(5) Níl institiúidí creidmheasa sna Ballstáit toilteanach na malartuithe a dhéanamh i ngeall ar inmhalartacht theoranta na nótaí bainc hryvnia agus i ngeall ar neamhchosaint ar an riosca rátaí malairte.

(6) Tá roinnt Ballstát ag féachaint ar scéimeanna náisiúnta a chur ar bun chun tacú le líon teoranta hryvnia a chomhshó in aghaidh an duine easáitithe ar ráta seasta.

(7) Ba cheart an comhshó hryvnia in airgeadra áitiúil na mBallstát óstach a éascú chun tacú le daoine easáitithe ón Úcráin freastal ar a gcuid riachtanas, de mar a thaistealaíonn siad ar fud an Aontas go háirithe.

---

1 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2013, lch. 1).

2 Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(8) Ba cheart cur chuige comhordaithe a chur chun cinn maidir le scéimeanna náisiúnta arna gcur ar bun ag na Ballstáit d'fhonn na coinníollacha céanna a thairiscint do dhaoine easáitithe ón Úcráin a gcuid nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra áitiúil go neamhspleách ar an mBallstát a dhéanann óstáil orthu, chun cothrom na Féinne a bhunú maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa agus chun iompar amhantrach a bheidh ann amach anseo ar an margadh a sheachaint.

(9) Chuaigh Banc Náisiúnta na hÚcráine i dteagmháil le roinnt Ballstát chun scéimeanna den sórt sin a chur ar bun maidir le nótaí bainc hryvnia a cheannach de réir an ráta malairte oifigiúil.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagail 3 agus 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo agus níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo agus níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

1. Is é is aidhm don Mholadh seo éascú a dhéanamh ar an malartú nótaí bainc hryvnia ag daoine easáitithe atá i dteideal cosaint shealadach nó cosaint leormhaith faoin dlí náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle, in airgeadra áitiúil an Bhallstáit ina bhfuil na daoine easáitithe sin á n-óstáil.

**AG URRAMÚ INNIÚLACHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS AG FÉACHAINT DO DHÁLAÍ AGUS CLEACHTAIS NÁISIÚNTA,**

**AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:**

## PRÍOMH-MHOLTAÍ

2. Ba cheart do na Ballstáit scéimeanna náisiúnta a bhunú chun comhshó nótaí bainc hryvnia san airgeadra náisiúnta a éascú, scéimeanna ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

   (a) gach duine easáitithe a chuireann fianaise ar fáil go bhfuil sé i dteideal cosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE nó cosaint leormhaith faoin dlí náisiúnta dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382, dá dtagraítear i dTeachtaireacht 2022/C 126 I/01 ón gCoimisiún[3], ba cheart dó a bheith in ann nótaí bainc hryvnia a chomhshó in airgeadra an Bhallstáit. I gcás

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte oibríochtúla chun Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 ón gComhairle a chur chun feidhme, Cinneadh lena mbunaítear gur ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO C 126 I, 21.3.2022, lch. 1).

mionaoisigh neamhthionlactha easáitithe, ba cheart don ionadaí dá bhforáiltear in Airteagal 16(1) de Threoir 2001/55/CE an comhshó a dhéanamh;

(b) ba cheart uasteorainneacha in aghaidh an duine a bhunú; agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, ba cheart na huasteorainneacha sin a bheith ag 10 000 hryvnia in aghaidh an duine nó faoina bhun sin;

(c) ba cheart an comhshó sin a cheadú gan mhuirear;

(d) is é an ráta malairte oifigiúil arna fhoilsiú ag Banc Náisiúnta na hÚcráine ba cheart a bheith ar an ráta malairte infheidhme;

(e) ba cheart fad na scéime a bheith 3 mhí ar a laghad.

**MOLTAÍ BREISE**

3. D'fhonn rochtain éifeachtach ar an scéim comhshó a ráthú, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh an úsáid is fearr a bhaint as líonra institiúidí creidmheasa rannpháirteacha chun an scéim a chur chun feidhme. D'fhonn a áirithiú go n-urramófar an uasteorainn in aghaidh an duine easáitithe go háirithe, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chomhaontú a dhéanamh leis na hinstitiúidí creidmheasa rannpháirteacha maidir le conas céannacht gach duine easáitithe a bhaineann úsáid as an scéim a thaifeadadh agus a sheiceáil.

4. D'fhonn rialachas fónta airgeadais a ráthú agus i gcás inar gá, ba cheart do na Ballstáit comhaontú a bheartú le Banc Náisiúnta na hÚcráine maidir leis na módúlachtaí chun nótaí bainc hryvnia a mhalartú amach anseo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*